# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016*

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*


**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A**




**Foinse: http://www.discoveringireland.com/**

**PICTIÚR B**



Foinse: www.alternatehistory.com

**PICTIÚR C**



Foinse: http:// www.johndclare.net

**DOICIMÉID**

**DOICIMÉAD 1**

**Óráid Tilbury**

*Ba í óráid Tilbury in 1588 an óráid ba cháiliúla a thug Eilís I agus tugadh do na fórsaí talún í i mí Lúnasa 1588 ag Tilbury, in Essex, agus iad ag ullmhú chun Sasana a chosaint i gcoinne Armáid na Spáinne.*

Tógadh an leagan seo as litir a scríobh an Dochtúir Leonel Sharp chuig Diúc Buckingham in 1623/1624 agus é ag smaoineamh siar ar óráid cháiliúil Eilís I:

A dhaoine geanúla,

Tá siad siúd a bhfuil ár gcuid sábháilteachta ag déanamh imní dóibh tar éis a chur ina luí orainn gur chóir dúinn a bheith cúramach agus sinn ag dul i measc sluaite faoi airm ar fhaitíos go ndéanfaí feall orainn; ach dearbhaím daoibh nach mian liom a bheith in amhras faoi mo dhaoine dílse grámhara féin. Riamh anall, léiríodh i m'iompar, faoi Dhia, gurbh iad croíthe dílse agus dea-thoil mo chuid géillsineach an spreacadh agus an choimirce ab fhearr a bhí agam; agus dá bhrí sin táim tagtha in bhur láthair san chaoi go bhfuilim meáite i gceartlár agus in ár an chatha agus a bheith beo agus bás a fháil in bhur measc go léir; mo chlú agus mo chuid fola a leagan síos fiú sa chré, ar son Dé, ar son mo ríochta agus ar son mo mhuintire.

Is eol dom nach bhfuil agam ach corp mná atá lag agus fann; ach tá croí agus acmhainn rí agam agus rí ar Shasana freisin. Rachaidh mé féin i mbun troda. Beidh mé féin mar ghinearál agus mar bhreitheamh oraibh, agus tabharfaidh mé luach saothair daoibh i leith gach ceann de bhur gcuid suáilcí ar pháirc an chatha.

Is eol dom cheana féin go bhfuil luach saothair agus corónacha tuillte agaibh as ucht bhur gcrógachta; agus Geallaimid daoibh agus focal prionsa á thabhairt agam, go n-íocfar libh iad faoi mar is cuí. Idir an dá linn, is é mo leifteanant-ghinearál a bheidh i m'ionad agus ní raibh riamh géillsineach níos uaisle ná níos fiúntaí ná eisean faoi cheannas prionsa; táim cinnte dearfa, mar thoradh ar bhur n-umhlaíocht do mo ghinearál, bhur gcomhaontas sa champa, agus bhur gcrógacht ar pháirc an chatha, gur gearr go mbeidh bua caithréimeach againn ar naimhde mo Dhé agus mo ríochta.

Foinse: http://www.elizabethfiles.com/resources/speeches/the-tilbury-speech/#ixzz3qox7KBHm



[Thall

**DOICIMÉAD 2**

**Leningrad le linn an Dara Cogadh Domhanda**

*Bhí Alexander Werth ina chomhfhreagraí don London Sunday Times agus don BBC. Bhí sé in éineacht le trúpaí na Sóivéide le linn dóibh a bheith ag brú na nGearmánach amach as a dtír. Chuir sé roinnt d'áitritheoirí Leningrad faoi agallamh go gairid tar éis bhriseadh an léigir:*

***Anna Andreievna, bainisteoir Óstán Astoria:***

Tá cuma óstáin ar an Astoria anois, ach dá bhfeicfeá le linn an ghorta é! Rinneadh ospidéal de – bhí sé ina ifreann ceart. Thugaidís gach sórt duine anseo, intleachtóirí den chuid ba mhó, a bhí ag fáil bháis den ocras. Thug mé táibléid vitimíne dóibh ag iarraidh beagán beochta a chur iontu. Ach bhí a bhformhór ar an dé deiridh, agus bhásaigh siad beagnach chomh luath agus a tugadh anseo iad.

Chuaigh roinnt daoine glan as a meabhair leis an ocras. Agus nós a bhí an-choitianta ba ea na mairbh a chur i bhfolach áit éigin sa teach agus a gcuid cártaí ciondála a úsáid. Bhí an oiread sin daoine ag fáil bháis ar fud na háite nach raibh na húdaráis ábalta cuntas a choinneáil ar na básanna go léir.

***An Maor Lozak, oifigeach foirne in Arm na Sóivéide:***

Táim i mo chónaí in Leningrad ar feadh mo shaoil agus tá mo thuismitheoirí anseo agam freisin. Is seandaoine iad, agus le linn mhíonna sin an ghorta bhí orm leath de mo chiondáil oifigigh a thabhairt dóibh, nó níl aon amhras ach gurbh é an bás a bheadh i ndán dóibh. Mar oifigeach foirne, bhí níos lú le fáil agam ar ndóigh ná iad siúd a bhí ag an bhfronta agus sin mar ba chóir: 250 gram in aghaidh an lae in ionad 350.

***Baill d'fhoireann Institiúid na nAiltirí:***

Leanamar ar aghaidh leis an obair ghormchló sin ar feadh an gheimhridh ar fad in 1941-42. Ba shuáilce a bhí ann dúinne a bhí inár n-ailtirí. An íocshláinte ab fhearr a d'fhéadfaí a thabhairt dúinn le linn an ghorta. Is é an tionchar morálta atá i gceist ná fios a bheith ag fear a bhfuil ocras air go bhfuil obair úsáideach le déanamh aige. Ach níl aon amhras faoi: is fearr atá oibrí ábalta cruatan a fhulaingt ná intleachtóir.

Foinse: *Werth, Alexander, Russia at War 1941-1945 (1964*)